RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/402 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Márta 2022

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scragall alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Athbhreithnithe a rinneadh cheana agus bearta atá i bhfeidhm

(1) Tar éis imscrúdú frithdhumpála a dhéanamh, d'fhorchuir an Chomhairle, le Rialachán (CE) Uimh. 925/2009 ([2]), dleacht frithdhumpála ar scragaill alúmanaim áirithe de thionscnamh na hAirméine, na Brasaíle agus na Síne ("an t-imscrúdú bunaidh"). Tar éis athbhreithniú ar dhul in éag de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún"), le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2384 ([3]), síneadh leis na bearta an 17 Nollaig 2015 i gcás onnmhairí ón tSín agus chuir sé deireadh leis na bearta don Bhrasaíl ("an t-imscrúdú roimhe sin maidir leis an athbhreithniú éaga"). Chuaigh na bearta frithdhumpála i gcoinne allmhairí de thionscnamh na hAirméine in éag an 7 Deireadh Fómhair 2014.

(2) Mar thoradh ar imscrúdú frith-imchéimniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 13 den bhun-Rialachán, leathnaigh an Coimisiún, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/271 ([4]), an dleacht frithdhumpála a forchuireadh ar allmhairí scragall alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chuig allmhairí scragall alúmanaim áirithe atá modhnaithe beagán.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1474 ([5]), leathnaigh an Coimisiún, tar éis an dara himscrúdú frith-imchéimniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 13 den bhun-Rialachán, an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2384 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/271 maidir le hallmhairí scragall alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chuig allmhairí scragall alúmanaim áirithe a choinsínítear ón Téalainn, cé acu a dhearbhaítear iad a bheith de thionscnamh na Téalainne nó nach ndearbhaítear.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 925/2009 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2009 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht arna forchur ar allmhairí scragall alúmanaim áirithe de thionscnamh na hAirméine, na Brasaíle agus Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 262, 6.10.2009, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2384 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scragall alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena gcuirtear deireadh leis na himeachtaí maidir le hallmhairí scragall alúmanaim áirithe ar de thionscnamh na Brasaíle iad, tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (IO L 332, 18.12.2015, lch. 63).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/271 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2017 lena leathnaítear an dleacht fhrithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 925/2009 ón gComhairle maidir le hallmhairí scragall alúmanaim áirithe ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus allmhairí scragaill alúmanaim áirithe atá modhnaithe beagán (IO L 40, 17.2.2017, lch. 51).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1474 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2021 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2384 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/271 maidir le hallmhairí scragall alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chuig allmhairí scragall alúmanaim áirithe a choinsínítear ón Téalainn, cé acu a dhearbhaítear iad a bheith de thionscnamh na Téalainne nó nach ndearbhaítear. (IO L 325, 15.9.2021, lch. 6).

1.2. **Iarraidh ar athbhreithniú éaga**

(4) Tar éis d'fhógra a bheith foilsithe maidir le dul in éag atá le tarlú ([6]), fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

(5) Chuir táirgeoirí an Aontais an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 10 Meán Fómhair 2020, arb ionann é agus thart ar 90 % de tháirgeadh iomlán an Aontais de scragall alúmanaim áirithe ("na hiarratasóirí"). Bunaíodh an iarraidh ar athbhreithniú ar an bhforas gur dócha go leanfar den dumpáil agus den díobháil do thionscal an Aontais nó go dtarlóidh siad arís de thoradh dhul in éag na mbeart.

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(6) Tar éis dó a chinneadh, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, go raibh dóthain fianaise ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain an Coimisiún, an 17 Nollaig 2020, le Fógra, arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([7]) ("an Fógra Tionscnaimh"), athbhreithniú maidir le dul in éag i ndáil le hallmhairí scragaill alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("PRC" nó "an tír lena mbaineann") ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

1.4. **Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(7) An t-imscrúdú ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís, is imscrúdú é a chumhdaigh an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2019 go dtí an 30 Meán Fómhair 2020 ("tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin" nó "RIP"). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís, is imscrúdú é a chumhdaigh an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí deireadh thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ("an tréimhse faoi bhreathnú").

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(8) San Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, maidir leis na hiarratasóirí, táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus údaráis na Síne, allmhaireoirí, soláthróirí agus úsáideoirí aitheanta, trádálaithe chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach, chuir an Coimisiún ar an eolas iad go sonrach faoi thionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(9) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh.

1.6. **Sampláil**

(10) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.6.1. *Sampláil na dtáirgeoirí de chuid an Aontais*

(11) Ina Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn méideanna táirgthe agus díolacháin an táirge chomhchosúil san Aontas. Trí tháirgeoir de chuid an Aontais a bhí sa sampla. B'ionann táirgeoirí samplála an Aontais agus thart ar 77 % de tháirgeadh iomlán measta an Aontais agus 75 % de mhéid díolacháin measta an táirge chomhchosúil san Aontas. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Níor cuireadh aon bharúil in iúl don Choimisiún. Measadh, dá bhrí sin, go raibh an sampla ionadaíoch do thionscal an Aontais.

([6]) IO C 98, 25.3.2020, lch. 10.

([7]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na dleachtanna frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí scragall alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C 436, 17.12.2020, lch. 10).

1.6.2. *Sampláil na n-allmhaireoirí*

(12) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, más amhlaidh atá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(13) Níor sholáthair ach allmhaireoir neamhghaolmhar amháin an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh sé a bheith san áireamh sa sampla. Dá bhrí sin, níor ghá sampláil a dhéanamh.

1.6.3. *Sampláil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne*

(14) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, más amhlaidh atá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(15) Tháinig dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann chun cinn agus chuir siad an fhaisnéis a iarradh ar fáil. Mar sin féin, dhearbhaigh ceann amháin acu nár tháirg nó nár onnmhairigh sé an táirge atá faoi athbhreithniú le linn thréimhse an imscrúdaithe agus, dá bhrí sin, níor theastaigh uaidh comhoibriú leis an imscrúdú. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

1.7. **Freagraí ceistneora agus cros-seiceáil chianda**

(16) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ("Rialtas na Síne") maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(17) Tráth an tionscnaimh, cuireadh an ceistneoir ar fáil sa chomhad lena n-imscrúdú ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála ([8]).

(18) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais. An táirgeoir onnmhairithe a tháinig chun cinn le linn na samplála, níor thug sé freagra ceistneora. Ní bhfuarthas aon fhreagra ó aon cheann de na hallmhaireoirí neamhghaolmhara. Níor chuir aon duine de na húsáideoirí ceistneoir ar fáil ná níor tháinig siad ar aghaidh le linn an imscrúdaithe. Níor thug Rialtas na Síne freagra ceistneora ach oiread.

(19) Toisc nach raibh aon chomhar ann ó tháirgeoirí onnmhairithe na Síne ná ó Rialtas na Síne, rinneadh na cinntí maidir le dumpáil agus díobháil ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán. Cuireadh misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach ar an eolas dá réir sin. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(20) Lorg an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá don imscrúdú. I gcomhréir leis an bhFógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais ([9]), rinneadh próisis chian-seiceála ("RCC") trí fhíschomhdháil leis na cuideachtaí seo a leanas:

Táirgeoirí de chuid an Aontais

— Alcomet AD, Shumen, an Bhulgáir

— Slim Aluminium SpA, Cisterna di Latina, An Iodáil

— Symetal, an Aithin, an Ghréig

([8]) https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2500.
([9]) IO C 86, 16.3.2020, lch. 6.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi athbhreithniú

(21) Is éard a bheidh sa táirge atá faoi athbhreithniú scragall alúmanaim nach lú ná 0,008 mm agus nach mó ná 0,018 mm ar tiús, gan a bheith faoi chuing, gan a bheith rollta thairis, i rollaí nach mó ná 650 mm ar leithead agus a bhfuil meáchan níos mó ná 10 kg aige agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, a thagann faoi chuimsiú chód AC ex 7607 11 19 faoi láthair (cód TARIC 7607 11 19 10) ("an táirge faoi athbhreithniú", "scall tí alúmanaim" nó "AHF").

(22) Úsáidtear an táirge atá faoi athbhreithniú i gcomhair cumhdach gearrshaoil ilchuspóireach i dteaghlaigh, i ngnó lónadóireachta, i dtionscal na n-earraí bia agus i ngnó miondíola bláthanna.

2.2. An táirge comhchosúil

(23) Mar a leagadh síos sa chéad tréimhse imscrúdaithe chomh maith leis an athbhreithniú éaga roimhe seo, deimhníodh leis an athbhreithniú éaga seo gurb iad na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge faoi athbhreithniú;

— an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre na tíre lena mbaineann;

— an táirge a dhéanann tionscal an Aontais a tháirgeadh agus a dhíol san Aontas.

(24) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. DUMPÁIL

(25) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú chun a dhéanamh amach an leanfadh Daon-Phoblacht na Síne de bheith i mbun dumpála nó an rachaidís i mbun dumpála arís de thoradh dhul in éag an bhirt atá i bhfeidhm.

3.1. Réamhbharúlacha

(26) Le linn na tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe, cé gur lean allmhairithe an táirge atá faoi athbhreithniú ó PRC ar aghaidh, níor shroich siad ach 1 588 tona, arb ionann é agus 2 % den sciar den mhargadh de thomhaltas an Aontais. Rinneadh formhór na n-onnmhairí sin faoin gcóras próiseála isteach ([10]) agus dá bhrí sin ní raibh siad faoi réir dleachta frithdhumpála ná custaim. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an líon allmhairí sách ionadaíoch chun imscrúdú a dhéanamh ar cibé ar leanadh den dumpáil le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe nó nár leanadh.

3.2. Nós imeachta um an ngnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán

(27) Ó tharla gur leordhóthanach an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe lenar tugadh le fios gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán, maidir le Daon-Phoblacht na Síne, chuir an Coimisiún tús leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(28) Dá bhrí sin, chun na sonraí is gá a bhailiú chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm lá is faide anonn, d'iarr an Coimisiún ar tháirgeoirí uile na Síne san Fhógra Tionscnaimh faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun an táirge atá faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Níor chuir aon táirgeoir an fhaisnéis sin isteach.

(29) An fhaisnéis a mheas sé a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe maidir leis an saobhadh suntasach líomhnaithe, chun an fhaisnéis sin a fháil, chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, faoi phointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a sholáthar maidir le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, agus an méid sin a dhéanamh laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon aighneacht.

([10]) Ciallaíonn próiseáil isteach go n-allmhaireofar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad lena n-úsáid i gcríoch chustaim an Aontais in oibríocht próiseála amháin nó níos mó, mar shampla, chun críocha monaraíochta nó deisiúcháin. Nuair a allmhairítear iad, níl na hearraí sin faoi réir na ndleachtanna ar allmhairí.

(30) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar cheistneoir ó Rialtas na Síne. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne. Chuir an Coimisiún in iúl, má tá na torthaí bunaithe ar fhíorais atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18, go bhféadfadh sé nach mbeadh an toradh chomh fabhrach don pháirtí ná a bheadh dá gcomhoibreodh sé. Ní bhfuarthas aon tuairimí ó Rialtas na Síne.

(31) I bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil ag an gcéim sin den imscrúdú, gurbh iad na tíortha ionadaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann chun críche an gnáthluach a chinneadh bunaithe ar phraghsanna nó ar thagarmharcanna neamhshaofa de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán le haghaidh PRC ná an Bhrasaíl agus an Tuirc. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(32) An 29 Eanáir 2021, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ("an Chéad Nóta FoP") ar na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa Chéad Nóta, chuir an Coimisiún liosta ar fáil de na tosca táirgthe uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh arna úsáid i dtáirgeadh an táirge atá faoi athbhreithniú, bunaithe ar iarratas ar athbhreithniú agus ar aighneacht ó na hiarratasóirí. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún ag an gcéim sin den imscrúdú trí thír ionadaíocha féideartha mar atá an Bhrasaíl, Cónaidhm na Rúise ("an Rúis") agus an Tuirc. D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur in iúl ina leith sin. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an gCéad Nóta.

(33) An 28 Bealtaine 2021, d'eisigh an Coimisiún an dara nóta don chomhad ("an Dara Nóta FoP"). Sa nóta sin leag an Coimisiún amach liosta na bhfachtóirí táirgthe agus chuir sé na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Roghnaigh an Coimisiún an Tuirc mar thír ionadaíoch. In éagmais táirgeoir ionadaíoch iomchuí den táirge atá faoi athbhreithniú in aon cheann de na tíortha ionadaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann, mheas an Coimisiún go bhféadfadh sonraí faoi chuideachtaí a tháirgeann táirge sa chatagóir ghinearálta céanna leis an táirge atá faoi athbhreithniú a bheith oiriúnach chun sonraí airgeadais a aimsiú (díol, costais ghinearálta agus riaracháin (SG&A) agus brabúis). Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl do pháirtithe leasmhara go mbunódh sé ("SG&A") agus brabúis bunaithe ar fhaisnéis airgeadais ó chúig chuideachta de chuid na Tuirce a tháirgeann táirgí easbhrúcháin alúmanaim. Mheas an Coimisiún gur táirgí iad easbhrúite alúmanaim a bhfuil saintréithe teicniúla acu atá an-chosúil le saintréithe teicniúla an táirge atá faoi athbhreithniú, agus go bhfuil comhdhéanamh ábhair fhoinseach den chineál céanna acu. Is minic a tháirgeann na cuideachtaí céanna leis an táirge atá faoi athbhreithniú nó laistigh den ghrúpa céanna na táirgí sin. I bhfianaise na gcosúlachtaí idir an táirge atá faoi athbhreithniú agus na táirgí easbhrúite alúmanaim, agus i bhfianaise gur sainaithníodh táirgeoirí brabúsacha easbhrúite alúmanaim, meastar go bhfuil sonraí den sórt sin ionadaíoch ar an gcás ina bhfuil cuideachtaí a tháirgeann an táirge faoi athbhreithniú agus, dá bhrí sin, leordhóthanach chun gnáthluach a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(34) D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a dtuairimí a thabhairt, ach ní bhfuair sé aon bharúlacha maidir leis an Dara Nóta.

3.3. **Gnáthluach**

3.3.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(35) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir leis an earnáil alúmanaim i nDaon-Phoblacht na Síne ([11]), shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/546 ón gCoimisiún an 29 Márta 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí d'easbhrúnna alúmanaim ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 109, 30.3.2021, lch. 1); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2021, lena bhforchuirtear dleacht shealadach ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 124, 12.4.2021, lch. 40); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí den scragall tiontaire alúmanaim ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 216, 18.6.2021, lch. 142).

(36) Sna himscrúduithe sin, rinne an Coimisiún amach gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([12]). Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach amháin gurbh ann do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne san earnáil alúmanaim fós de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán ([13]) ach go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí freisin de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc, den bhun-Rialachán ([14]). Rinne an Coimisiún amach thairis sin go mbíonn éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([15]). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc, den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa tSín ([16]). Ar an gcaoi chéanna, rinne an Coimisiún amach gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil cruach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc, den bhun-Rialachán ([17]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc, den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le gníomhaithe corparáideacha caipiteal a rochtain sa tSín ([18]).

(37) Faoi mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil alúmanaim sa tSín, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú reatha lena fháil amach an iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise atá san iarraidh, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le saobhadh suntasach i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha imscrúduithe cosanta trádála ([19]) ("an Tuarascáil"), rud a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear earnáil an táirge faoi athbhreithniú. Rinne an Coimisiún na heilimintí fianaiseacha sin a fhorlíonadh tuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne, rud a suíodh in imscrúduithe eile a rinne sé ina leith sin roimhe seo.

(38) Rinneadh tagairt san iarraidh sa chás sin don Tuarascáil, go háirithe do na ranna a bhaineann le hearnáil an alúmanaim agus le fiontair faoi úinéireacht stáit, agus d'imscrúduithe a rinne an Coimisiún roimhe sin ar tháirgí iartheachtacha ([20]). Ina theannta sin, rinneadh tagairt san iarraidh do staidéir neamhspleácha inar thángthas ar an gconclúid go bhfuil margadh alúmanaim na Síne saofa mar gheall ar fhóirdheonú substaintiúil, amhail staidéar

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1428 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí easbhrúnna alúmanaim ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 336, 13.10.2020, lch. 8), aithrisí 91-97 agus 154-158; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, aithrisí 125-131 agus 185-188; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, aithrisí 80-86 agus 140-143.

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1428, aithrisí 98-104; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, aithrisí 132-137; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, aithrisí 87-92.

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1428, aithrisí 105-112; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, aithrisí 138-143; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, aithrisí 93-98. An ceart atá ag údaráis ábhartha na Síne chun príomhphearsanra bainistíochta i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit a cheapadh nó a chur as a bpost, ceart dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, cé gur féidir an ceart sin a mheas mar cheart a léiríonn na cearta úinéireachta comhfhreagracha, ó tharla gurb ann do chealla de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair stáit agus i bhfiontair phríobháideacha araon, is modh tábhachtach eile é sin trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí an pháirtí. Roimhe seo, ní léir gur cloíodh leis an gceanglas sin i gcónaí nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne, ar bhonn prionsabal polaitiúil, na héilimh atá aige ar chinntí gnó a bheith faoina smacht i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don "tírghrá" agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú chun go mbeadh an focal deiridh ag eagraíochtaí de chuid Pháirtí Cumannach na Síne maidir leis na cinntí gnó laistigh de na cuideachtaí sin. Cuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go ginearálta ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear táirgeoirí scragall alúmanaim agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1428, aithrisí 113-135; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, aithrisí 144-166; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, aithrisí 99-120.

([16]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1428, aithrisí 136-140; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, aithrisí 167-171; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, aithrisí 121-125.

([17]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1428, aithrisí 141-142; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, aithrisí 172-173; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, aithrisí 126-127.

([18]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1428, aithrisí 143-153; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, aithrisí 174-184; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, aithrisí 128-139.

([19]) SWD(2017) 483 final/2, 20.12.2017, https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2017/december/tradoc_156474.pdf

([20]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/915 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scragall alúmanaim áirithe atá i rollaí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne i ndiaidh athbhreithniú éaga faoi Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 146, 5.6.2019, lch. 63).

2019 ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) "Saobhadh a thomhas i margaí idirnáisiúnta: Slabhra luacha alúmanaim" ([21]) agus tuarascáil 2017 ó chumann tionscail WVMetalle na Gearmáine maidir le miotail neamhfheiriúla ([22]). Cuireadh na staidéir sin sa chomhad imscrúdaithe ag an gcéim thionscnaimh. Níor chuir aon pháirtí leasmhar aon bharúlacha ar fáil maidir leis na staidéir. Cuireadh i bhfios go láidir san iarraidh sin go gcáipéisítear sna staidéir sin láithreacht shuntasach SOEnna in earnáil alúmanaim na Síne, soláthar amhábhar saor do tháirgeoirí alúmanaim, chomh maith le córas cánachais a bheith ann a shaobhann an margadh go héifeachtach. Ag tagairt di arís don Tuarascáil agus don imscrúdú a rinne an Coimisiún roimhe seo, cuireadh in iúl freisin san iarraidh gur shocraigh údaráis na Síne praghsanna guail, leictreachais, gáis nádúrtha agus ola, rud a shaobhann na praghsanna fuinnimh in earnáil an alúmanaim. Ar an gcaoi chéanna, rinneadh an iarraidh dá dtagraítear do shaobhadh ar phá in earnáil an alúmanaim. Ina theannta sin, líomhnaítear go bhfuil saobhadh ar chostais innealra san iarratas, go háirithe ós rud é go measann údaráis na Síne gur "earnáil spreagtha" í earnáil an alúmanaim agus go bhfuil sí liostaithe mar sin i gCatalóg Treorach Rialtas na Síne don Coigeartú ar Struchtúr Tionsclaíoch, lena n-áirítear a cuid atriall is déanaí in 2019 ([23]). Tarraingíodh aird san iarraidh freisin ar shaobhadh ar chostais airgeadais mar gheall ar chóras baincéireachta na Síne a chur ar bun ar an iomlán, mar aon le roinnt doiciméad beartais – amhail pleananna nó beartais náisiúnta agus earnálacha 5 bliana nó mar gheall ar bheartais lena n-iarrtar ar na hinstitiúidí airgeadais tacú le tionscal an alúmanaim. Ar deireadh, saobhadh liostaithe a easraíonn as bearta breise rialtais, amhail scéim chreidmheasa an díoltóra onnmhairiúcháin, asbhaint cánach ioncaim le haghaidh costais taighde agus forbartha nó lacáistí CBL ar threalamh a tháirgtear go hinmheánach. Rinne an t-iarratas tagairt sa chomhthéacs seo don imscrúdú ar fhóirdheontais ó Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe in 2018 ar earnáil an scragaill alúmanaim Síneach ([24]).

(39) is ann do chuid mhór úinéireachta agus smachta ag Rialtas na Síne san earnáil alúmanaim fós de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán. Roinnt de na tairgeoirí is mó, is táirgeoirí faoi úinéireacht an Stáit iad. Ó tharla nach bhfuarthas aon chomhoibriú ó onnmhaireoirí an táirge faoi athbhreithniú sa tSín, níorbh fhéidir cóimheas cruinn tháirgeoirí príobháideacha agus faoi úinéireacht stáit a dhearbhú. Mar sin féin, dhearbhaigh an t-imscrúdú gur SOEnna iad roinnt táirgeoirí móra in earnáil an alúmanaim, lena n-áirítear Corparáid Alúmanam na Síne nó Shenhuo Group Aluminium, a monaraíonn an dá cheann acu an táirge atá faoi athbhreithniú freisin.

(40) Maidir le bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6ú)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, tá fiontair phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon faoi réir maoirseachta beartais agus treorach. Tá doiciméadú forleathan déanta ag an gCoimisiún ar ghníomhaíochtaí tógála na bpáirtithe sna himscrúduithe a rinne sé roimhe seo ar an earnáil alúmanaim ina raibh roinnt táirgeoirí a mhonaraíonn an táirge faoi athbhreithniú freisin ([25]). Ina theannta sin, leagann go leor táirgeoirí an táirge atá faoi athbhreithniú béim go sainráite ar ghníomhaíochtaí tógála páirtithe ar a suíomhanna gréasáin, ar chomhaltaí páirtí i mbainistiú cuideachta agus leagann siad béim ar a gcleamhnacht leis an gcontrapháirtí lárnach.

(41) Mar shampla, thuairiscigh grúpa Nanshan an méid seo a leanas le déanaí maidir le hócáid tógála páirtí a bhí ar siúl i mí an Mhárta 2021: "An 19 Márta, reáchtáil craobh an pháirtí go díreach faoi Nanshan Holdings ócáid théamachlá an pháirtí i mí an Mhárta, dianstaidéar agus cur i bhfeidhm ar spiorad óráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping ag Comhdháil Staidéir agus Oideachais an Pháirtí, foghlaim croílár stair an pháirtí, bailigh neart agus oibriú go crua. Bhí ceannairí ábhartha bhrainse an pháirtí go díreach faoi Shealbhaíocht Nanshan i gceannas ar an gcruinniú. Thug rúnaí na craoibhe le fios ina léachtaí páirtí gur chóir do bhaill agus do dhaltaí páirtithe a lán-imirt a thabhairt dá ról eiseamláireach agus ceannaireachta, gan dearmad a dhéanamh ar a n-ardmhianta bunaidh, agus a misean a choinneáil i gcuimhne. […] Léirigh gach ball páirtí agus daltaí go ndéanfaidh siad tuilleadh staidéir agus cur i bhfeidhm ar spiorad na hóráide ón Ard-Rúnaí Xi Jinping ag Comhdháil Stair an Pháirtí Staidéar agus Spreagadh Oideachais, smaointe agus gníomhartha a aontú le riachtanais agus imscaradh an 14ú Plean Cúig Bliana, ná déan dearmad ar an rún bunaidh, coimeád an misean i gcuimhne, agus oibríonn sé go crua. Brú chun cinn, a bheith cróga chun nuála, leas iomlán a bhaint as ról an urgharda eiseamláireach atá ag comhaltaí an pháirtí san fhiontar […]" ([26]).

([21]) Páipéir ECFE um Beartas Trádála, Uimh. 218, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, ar fáil ag: http://dx.doi.org/10.1787/c82911ab-en

([22]) Think!Desk China Consulting & Research, "Final Report – Analysis of Market Distortions in the Chinese Non- Ferreous Metal Industry".

([23]) http://www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/content_5449193.htm (an dáta deireanach ar breathnaíodh air an 29 Deireadh Fómhair 2021).

([24]) Scragall Alúmanaim Áirithe ó Dhaon-Phoblacht na Síne: An tOrdú Leasaithe maidir le Dleacht Frithchúitimh a Chinneadh agus maidir le Dleacht Frithchúitimh, 83 Alt 17,360 (Teachtaireacht ón Roinn, Aib. 19, 2018)

([25]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, aithrisí 141-142; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, aithrisí 96-97.

([26]) Féach: http://www.nanshan.com.cn/searchdetails?id=2838&cid= (arna rochtain an 31 Lúnasa 2021)

(42) Mar an gcéanna, léiríonn an Grúpa Leictreachais Dengfeng stáit faoi úinéireacht ar a láithreán gréasáin go "ar an tráthnóna an 10 Samhain [2020], tionóladh an oiliúint sa seomra ranga bainistíochta corparáideach ar an gcuideachta ghrúpa sa séú cruinniú. Bhí 66 duine san iomlán ó stiúrthóirí na cuideachta grúpa agus os cionn pearsanra bainistíochta, ranna gnó éagsúla, fiontair atá cleamhnaithe go díreach agus ceannairí fo-fhiontair rannpháirteach. […] Ina dhiaidh sin, déanfaidh an ghrúpchuideachta staidéar coinsiasach ar chaint thábhachtach an Ard-Rúnaí Xi Jinping ag an gcruinniú iomlánach, tuigeann sí spiorad an chruinnithe iomlánaigh, […] agus tuigfidh sí go dúthrachtach cinnteoireacht agus imscaradh Choiste Lárnach an Pháirtí, eagna agus neart a chomhdhlúthú chun na spriocanna agus na tascanna a leagtar amach sa '14ú Plean Cúig Bliana' a bhaint amach" ([27]).

(43) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm san earnáil alúmanaim lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena ndéantar tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán.

(44) Tá earnáil an alúmanaim faoi réir roinnt mhaith pleananna, treoirlínte, treoracha agus doiciméid bheartais eile a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal bardasach. Tá doiciméadú forleathan déanta ag an imscrúdú a rinne an Coimisiún roimhe seo ar an earnáil ar na beartais sin a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse imscrúdaithe, lena n-áirítear an 13ú Plean Cúig Bliana um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta ([28]) nó Plean Forbartha Thionscal na Miotail Neamhfheiriúil (2016-2020) agus beartais eile ar an leibhéal náisiúnta, trí phleananna réigiúnacha ar nós, mar shampla, Fógra Rialtas Chúige Shandong maidir leis an bplean cur chun feidhme chun dlús a chur le forbairt ardchaighdeáin na seacht dtionscal dianfhuinnimh ([29]). Ar an gcaoi chéanna, tá doiciméadú mionsonraithe déanta ag an gCoimisiún go dtairbhíonn tionscal alúmanaim de threoir agus d'idirghabháil rialtais maidir leis na príomh-amhábhair agus an t-ionchur, go háirithe fuinneamh ([30]). Is é an dála céanna é maidir le bearta eile rialtais san earnáil a chuireann isteach ar fhórsaí an mhargaidh, amhail, i measc nithe eile, beartais a bhaineann le honnmhairiú, beartais stoc-charntha, beartais maidir le méadú cumais táirgthe ([31]) nó soláthar ionchuir ag níos ísle ná praghsanna an mhargaidh ([32]).

(45) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear táirgeadh na bpríomh-ionchur a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi athbhreithniú. Cuireann bearta den sórt sin bac ar ghnáthoibriú fhórsaí an mhargaidh.

(46) Cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú easnamhach na ndlíthe féimheachta agus maoine san earnáil alúmanaim de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc, den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (36), níor tháinig an t-imscrúdú ar aon fhianaise lena léiriú nach mbeadh tionchar ag an méid sin ar mhonaróirí an táirge faoi athbhreithniú.

(47) Ina theannta sin, tá an earnáil alúmanaim faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc, den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (36) freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach (nuair atá rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir i gceist ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne).

(48) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise faoi bhráid an imscrúdaithe reatha a léirigh nach bhfuil an earnáil alúmanaim faoi thionchar ag idirghabháil ón rialtas san earnáil airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc, den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (36) freisin. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstaintiúil an rialtais sa chóras airgeadais.

([27]) Féach: https://www.dfdcjt.com/article/item.html?id=2166 (arna rochtain an 31 Lúnasa 2021)

([28]) An 13ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Dhaon-Phoblacht na Síne (2016-2020), le fáil ar https://en.ndrc.gov.cn/newsrelease_8232/201612/P020191101481868235378.pdf (an dáta deireanach ar breathnaíodh air an 6 Bealtaine 2021).

([29]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, aithrisí 147-155; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, aithrisí 102-109.

([30]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, aithrisí 156-158; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, aithris 111.

([31]) De réir na faisnéise atá ar fáil, i 2020 mhéadaigh an táirgeadh scragall alúmanaim Síneach de 3,8 % bliain-ar-bliain (féach "China Nonferrous Metals News - Exploring a new 'blue ocean' for aluminum foil applications", ar fáil ag: https://finance.sina.com.cn/money/future/indu/2021-07-14/doc-ikqciyzk5369663.shtml, an dáta deireanach ar breathnaíodh air an 22 Meán Fómhair 2021), Ina theannta sin, cé gur tuairiscíodh cumas táirgthe alúmanam na Síne electrolytic in 2020 chun méid de thart ar 38,55 milliún tonna in aghaidh na bliana, bhíothas ag súil go méadóidh sé 3,163 milliún tonna in 2021 (féach "Review and Outlook of the Aluminum Market in 2020", ar fáil ag: https://www.sohu.com/a/445610891_782456, an dáta deireanach ar breathnaíodh air an 22 Meán Fómhair 2021)

([32]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582, aithrisí 162-165; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983, aithrisí 116-120.

(49) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Nuair a dhéanann táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú na hionchuir sin a cheannach nó conradh a dhéanamh ina dtaobh, tá na praghsanna a íocann siad (agus a thaifeadtar mar chostais) gan cosaint ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa; féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht atá faoi réir an tsaofa san earnáil airgeadais nó sa leithdháileadh caipitil; agus bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus gach earnáil.

(50) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge faoi athbhreithniú a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach tá na costais ionchuir uile faoi thionchar freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh caipitil, talamh, lucht saothair, fuinneamh agus amhábhair, is ann do na hidirghabhálacha sin ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá d'ionchur an ionchuir agus mar sin de.

(51) Ní dhearna aon cheann de na páirtithe leasmhara aon fhianaise ná argóint dá mhalairt a thabhairt ar aird.

(52) Mar achoimre, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus an tsaothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, faoi mar a léiríonn an tionchar iarbhír atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha a liostaítear iontu, sin nó an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, ba é conclúid an Choimisiúin nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun an gnáthluach a shuí sa chás seo. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa amháin, eadhon, sa chás seo, ar bhonn costais táirgthe agus díola chomhfhreagracha i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a phléitear sa roinn sa leanann seo.

3.3.2. *An tír ionadaíoch*

(a) ***Barúlacha ginearálta***

(53) De bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, bhí rogha na tíre ionadaíche bunaithe ar na critéir seo a leanas:

— leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá comhionann le hollioncam náisiúnta Dhaon-Phoblacht na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([33]);

— táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin;

— infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch;

— I gcás inarbh ann do níos mó ná aon tír ionadaíoch fhéideartha amháin, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír inar leordhóthanach leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil atá inti.

(54) Mar a mhínítear in aithrisí (32) go (33), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i ndáil leis an gcomhad maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh: An Chéad Nóta FoP agus an Dara Nóta FoP. Sa Dara Nóta FoP, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas gur roghnaíodh an Tuirc mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

([33]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda — Meánioncam Uachtarach https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

(b) ***Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne agus táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú***

	Innéacs	*100*	*140*	*129*	*113*
	Meánphraghas	2 804	2 895	2 730	2 533
	Innéacs	*100*	*103*	*97*	*90*
an Téalainn	Méid (tonaí)	28	1 027	2 659	6 820
	Innéacs	*100*	*3 693*	*9 565*	*24 534*
	An sciar den mhargadh (%)	0,04	1,4	4	9
	Innéacs	*100*	*3 793*	*9 364*	*22 685*
	Meánphraghas	2 337	2 544	2 426	2 381
	Innéacs	*100*	*109*	*104*	*102*
an Tuirc	Méid (tonaí)	16 221	15 289	17 565	18 103
	Innéacs	*100*	*94*	*108*	*112*
	An sciar den mhargadh (%)	22	21	24	23
	Innéacs	*100*	*97*	*108*	*103*
	Meánphraghas	2 878	2 952	2 828	2 601
	Innéacs	*100*	*103*	*98*	*90*
An chuid eile den domhan	Méid (tonaí)	3 407	2 539	1 968	558
	Innéacs	*100*	*75*	*58*	*16*
	An sciar den mhargadh (%)	5	4	3	1
	Innéacs	*100*	*77*	*58*	*15*
	Meánphraghas	2 751	2 928	2 918	3 117
	Innéacs	*100*	*106*	*106*	*113*
Iomlán tríú tíortha seachas PRC	Méid (tonaí)	33 820	38 133	40 564	42 738
	Innéacs	*100*	*113*	*120*	*126*
	An sciar den mhargadh (%)	46	53	55	53
	Innéacs	*100*	*116*	*119*	*117*
	Meánphraghas	2 834	2 910	2 764	2 545
	Innéacs	*100*	*103*	*98*	*90*

Tríú tíortha iomlána seachas an Téalainn agus PRC	Méid (tonaí)	33 792	37 106	37 905	35 918
	Innéacs	*100*	*110*	*112*	*106*
	An sciar den mhargadh (%)	46	51	51	45
	Innéacs	*100*	*113*	*112*	*98*
	Meánphraghas	2 834	2 921	2 785	2 576
	Innéacs	*100*	*103*	*98*	*91*

Foinse: Eurostat

(132) Le linn na tréimhse arna breithniú, tháinig méadú thart ar 9 000 tona ar allmhairí ó thríú tíortha eile, i.e. méadú 26 % atá níos tapúla ná dul chun cinn thomhaltas an Aontais, rud a mhéadaigh sciar an mhargaidh ó 46 % go 53 %.

(133) Mar sin féin, ba allmhairí ón Téalainn iad 76 % den mhéadú sin (6 792 tona) atá ag dul timpeall ar na bearta cinntitheacha frithdhumpála atá i bhfeidhm ar allmhairí ón tSín mar atá leagtha amach in aithris (3) agus dá bhrí sin, ní mór iad a mheas mar allmhairí Síneacha.

(134) Mar a léirítear i dtábla 5, agus i gcás allmhairí ó thríú tíortha eile seachas an Téalainn, tháinig méadú 6 % air le linn na tréimhse a mheastar (2 126 tona), ag luas níos moille ná tomhaltas an Aontais, tháinig méadú roinnt míle uair ar allmhairí ón Téalainn, rud a fhágann méadú ó 0 % go 9 % ar sciar an mhargaidh. Allmhairí ó thríú tíortha eile nach bhfuil sciar den mhargadh caillte ag an Téalainn ina leith, go háirithe idir 2019 agus an tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe, áit arbh é an méadú ar sciar an mhargaidh ón Téalainn an méadú is suntasaí (+ 5 phointe céatadáin).

(135) Le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithniúcháin, fuarthas amach nach raibh leibhéil praghsanna na n-allmhairí ón Téalainn faoi bhun 3,5 % ar an meán i bpraghsanna díolacháin thionscal an Aontais, mar a mhínítear in aithris (129) thuas, agus ag an am céanna bhí praghsanna allmhairiúcháin ó thríú tíortha eile seachas an Téalainn i gcomhréir le praghsanna díolacháin an tionscail de chuid an Aontais.

5.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

5.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(136) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh.

(137) Mar a luaitear in aithris (11), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(138) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a fuarthas sna freagraí ar an gceistneoir frithdhumpála ó na táirgeoirí a sampláladh mar aon le sonraí maicreacnamaíocha arna soláthar ag táirgeoirí nach bhfuil samplaithe agus ag comhlachas táirgeoirí an Aontais, a chros-seiceáil leis na sonraí san iarraidh ar athbhreithniú. Na sonraí a bhaineann leis na táirgeoirí uile de chuid an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar an gceistneoir. Na sonraí a bhaineann leis na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais Rinneadh amach go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(139) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla roimhe seo.

(140) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a thiomsú.

5.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

5.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(141) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
Méid táirgeachta (tonaí)	41 387	35 173	36 292	39 460
Innéacs	*100*	*85*	*88*	*95*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	52 900	47 600	48 100	50 750
Innéacs	*100*	*90*	*91*	*96*
Úsáid acmhainneachta (%)	78,2	73,9	75,5	77,8
Innéacs	*100*	*94*	*96*	*99*

Foinse: Faisnéis arna soláthar ag táirgeoirí samplála agus neamhsamplaithe an Aontais, an fhaisnéis arna soláthar ag comhlachais tháirgeoirí an Aontais.

(142) Cé gur tháinig méadú 8 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse atá á breithniú mar a luaitear in aithris (113), tháinig laghdú 15 % ar mhéid táirgeachta an táirge chomhchosúil ó 2017 go 2018. Ina dhiaidh sin tháinig biseach de bheagán air le linn na coda eile den tréimhse atá á breithniú, rud a d'fhág gur tháinig laghdú 5 % air le linn na tréimhse atá á breithniú ina hiomláine. Dá bhrí sin, ní dheachaigh méadú thomhaltas an Aontais chun leasa an tionscail de chuid an Aontais.

(143) Is é is cúis, i bpáirt, leis an laghdú ar an méid táirgeachta ná próisis athstruchtúrúcháin thionscal an Aontais a rinneadh chun téarnamh ón díobháil a rinneadh le linn thréimhse an athbhreithnithe imscrúdaithe ar an athbhreithniú éaga a rinneadh roimhe sin (an 1 Deireadh Fómhair 2013 go dtí an 30 Meán Fómhair 2014), agus i bpáirt mar gheall ar an méadú ar an iomaíocht éagórach a bhí os comhair thionscal an Aontais de dheasca allmhairí imchéimnithe an táirge atá faoi athbhreithniú agus a thagann ón Téalainn. Mar a míníodh in aithris (132), tháinig méadú ar líon na n-allmhairí ó thríú tíortha go príomha mar gheall ar mhéadú ar AHF ón Téalainn.

5.4.2.2. Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

(144) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid díolachán thionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	38 107	31 871	31 550	35 739
Innéacs	*100*	*84*	*83*	*94*
An sciar den mhargadh (%)	51	44	42	45
Innéacs	*100*	*86*	*82*	*87*

Foinse: Faisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil, faisnéis arna soláthar ag na táirgeoirí de chuid an Aontais arna sampláil agus nach ndéantar cur isteach orthu.

(145) Tháinig laghdú 6 % ar méid na ndíolachán i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Laghdaigh sé go seasta suas go dtí 2019 (faoi 17 %) agus fuarthas cuid de le linn na tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe, ag méadú 11 %. Mar sin féin, ní raibh an méadú sin i gcomhréir leis an méadú ar thomhaltas an Aontais as ar tháinig caillteanas ar sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais ó 51 % in 2017 go 45 % sa tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe (lúide 6 phointe céatadáin), agus fuair an sciar den mhargadh de na hallmhairí imchéimnithe ón Téalainn 9 bpointe céatadáin le linn na tréimhse céanna.

5.4.2.3. Fás

(146) Cé gur tháinig méadú 8 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse arna breithniú, tháinig laghdú 6 % ar mhéid díolacháin thionscal an Aontais, as ar tháinig caillteanas 13 % den mhargadh do thionscal an Aontais thar an tréimhse a measadh. Dá dheasca sin, níorbh ann d'aon fhás ar thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.4.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(147) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
Líon na ndaoine atá fostaithe (FTE)	394	356	359	378
Innéacs	*100*	*90*	*91*	*96*
Táirgiúlacht (aonad/fostaí)	105	99	101	104
Innéacs	*100*	*94*	*96*	*99*

Foinse: Faisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil, faisnéis arna soláthar ag na táirgeoirí de chuid an Aontais arna sampláil agus nach ndéantar cur isteach orthu

(148) Tháinig laghdú 4 % ar líon na bhfostaithe i dtionscal an Aontais idir 2017 agus an tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe. Lean táirgiúlacht lucht saothair thionscal an Aontais, arna tomhas mar aschur (tonaí) in aghaidh an fhostaí, an treocht chéanna go dtí 2019 agus a aisghabhadh sa tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe tar éis an mhéadaithe díolacháin, mar a mhínítear in aithris (142) agus aithris (145) thuas.

(149) Laghdú ar líon na bhfostaithe is cúis leis an laghdú ar mhéid an táirgthe, rud atá nasctha freisin leis an laghdú ar mhéid díolachán thionscal an Aontais.

5.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(150) Mheas an Coimisiún sa deireadh in aithris (89) gur leanadh den dumpáil ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Chinn an Coimisiún freisin go raibh dóchúlacht láidir ann go leanfar leis an dumpáil ó PRC, má théann na bearta in éag.

(151) D'ainneoin na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm ó 2009, tá méid suntasach díolacháin caillte ag tionscal an Aontais, rud a léirítear i gcailliúint 13 % sa mhargadh le linn na tréimhse atá á breithniú. Dá réir sin, níorbh fhéidir aon téarnamh iomlán ón dumpáil roimhe seo a shuí agus tá tionscal an Aontas fós go mór i mbaol ó na héifeachtaí díobhálacha ó allmhairí dumpáilte ar mhargadh an Aontais.

5.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

5.4.3.1. Praghsanna, agus na tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

(152) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí de chuid an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Praghsanna díola san Aontas

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona)	2 822	2 930	2 810	2 663
Innéacs	*100*	*104*	*100*	*94*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	2 645	2 776	2 620	2 574
Innéacs	*100*	*105*	*99*	*97*

Foinse: Freagraí ceistneora ó tháirgeoirí an Aontais a sampláladh

(153) Tháinig méadú 6 % ar an meánphraghas díolacháin aonaid idir 2017 agus 2018 agus tháinig laghdú 6 % ar an meánphraghas díolacháin in 2019 ar an leibhéal céanna in 2017, le linn na tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe. Cé gur éirigh le tionscal an Aontais a phraghsanna díolacháin a choimeád os cionn chostas an aonaid táirgthe le linn na tréimhse ar fad a measadh, léirigh brú praghsanna an mhéadaithe ar na hallmhairí a ndeachthas timpeall orthu ón Téalainn tionchar níos airde ná an costas aonaid ar phraghsanna díolacháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe.

5.4.3.2. Costais saothair

(154) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	19 444	19 827	20 487	22 184
Innéacs	*100*	*102*	*105*	*114*

Foinse: Freagraí ceistneora ó tháirgeoirí an Aontais a sampláladh

(155) Méadú de réir a chéile ar an meánchostas saothair le linn na tréimhse a bhreithnítear. Ar an iomlán, tháinig méadú 14 % ar mheánchostas an tsaothair in aghaidh an fhostaí. Is é próiseas an athstruchtúraithe ar thionscal an Aontais is mó a chuaigh i gcion ar an treocht sin, ós rud é gur infheistigh roinnt táirgeoirí chun struchtúir díolacháin a chruthú i mBallstáit éagsúla.

5.4.3.3. Fardail

(156) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Fardail

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	978	940	1 693	1 425
Innéacs	*100*	*96*	*173*	*146*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	2,4	2,7	4,7	3,6
Innéacs	*100*	*113*	*197*	*153*

Foinse: Freagraí ceistneora ó tháirgeoirí an Aontais a sampláladh

(157) Ní féidir breathnú ar fhardail mar tháscaire ábhartha díobhála san earnáil seo, ós rud é go bhfuil táirgeadh agus díolacháin bunaithe den chuid is mó ar orduithe agus, dá réir sin, is gnách do tháirgeoirí stoic theoranta a bheith ina seilbh acu. Dá bhrí sin, is chun críche faisnéise amháin a thugtar treochtaí na bhfardal.

(158) Ar an iomlán, tháinig méadú 46 % ar fhardail le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I dtús báire, tháinig laghdú 4 % orthu ó 2017 go 2018 sular mhéadaigh siad de réir a chéile in 2019 agus an tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe.

5.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú

(159) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar bhrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar thoradh ar infheistíochtaí na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Brabúsacht, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíochtaí

	2017	2018	2019	Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	8,2	7,4	6,8	3,4
Innéacs	*100*	*90*	*83*	*41*
Sreabhadh airgid (EUR)	10 768 045	10 888 351	8 682 415	10 199 898
Innéacs	*100*	*101*	*81*	*95*
Infheistíochtaí (EUR)	1 141 165	4 327 224	1 119 149	1 665 356
Innéacs	*100*	*379*	*98*	*146*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	10	7	5	1
Innéacs	*100*	*74*	*55*	*15*

Foinse: Freagraí ceistneora ó tháirgeoirí an Aontais a sampláladh

(160) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais trí ghlanbhrabús réamhchánach ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(161) Tar éis an imscrúdaithe roimhe seo maidir leis an athbhreithniú éaga a luadh in aithris (1), inar forchuireadh na bearta frithdhumpála, tháinig feabhas ar staid thionscal an Aontais agus shroich corrlach brabúis 8,2 % in 2017. Tháinig meath ar chorrlaigh ina dhiaidh sin, áfach, agus tháinig laghdú ar chorrlaigh bhrabúis ó 2018 i leith nach raibh ach 3,4 % acu san athbhreithniú, tréimhse a chomhfhreagraíonn do laghdú 59 % le linn na tréimhse atá á breithniú.

(162) Ba é ba chúis leis sin den chuid is mó an brú praghais a chuir na hallmhairí imchéimnithe ón Téalainn isteach san Aontas faoi bhrú praghsanna thionscal an Aontais agus a chuireann brú suntasach ar phraghsanna a chuir iallach ar thionscal an Aontais a leibhéil praghsanna a laghdú, mar a mhínítear thuas in aithris (153).

(163) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas thionscal an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Ós rud é go bhfuil brabús fós ag baint le tionscal an Aontais, d'ainneoin na treochta atá ag dul i laghad, d'fhan an sreabhadh airgid réasúnta cobhsaí ar an iomlán le linn na tréimhse atá á breithniú.

(164) Tháinig méadú 46 % ar infheistíochtaí le linn na tréimhse arna breithniú, rud is cúis go príomha leis na hiarrachtaí atá déanta ag tionscal an Aontais a tháirgeadh a réasúnú agus éifeachtúlacht agus táirgiúlacht a mhéadú chun dul i ngleic le hallmhairí ar phraghas íseal atá ag dul i méid. Le linn na tréimhse céanna, áfach, thit an toradh ar infheistíochtaí, a shloinntear mar an brabús i gcéatadán an ghlanluacha infheistíochtaí de réir na leabhar, ó 10 % go 1 % agus lean sé an treocht chéanna agus a lean an bhrabúsacht mar sin.

(165) Mar gheall ar an mbrabúsacht agus an toradh ar infheistíocht atá ag laghdú, tá sé ag éirí níos deacra do tháirgeoirí samplála an Aontais caipiteal a thiomsú le haghaidh infheistíochta. Mar sin féin, agus torthaí ar infheistíochtaí ag titim chomh tapa sin, is léir go gcuirfear cumas na dtáirgeoirí sampláilte caipiteal a chruinniú amach anseo i mbaol.

5.4.4. *An chonclúid ar dhíobháil*

(166) Léiríonn an chaoi ar fhorbair na macratháscairí agus na micreatháscairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú gur in olcas a ndeachaigh an staid airgeadais maidir le tionscal an Aontais. Ar an iomlán, chuaigh treochtaí na bpríomhtháscairí eacnamaíocha uile in olcas le linn na tréimhse a measadh.

(167) Laghdaigh táirgeadh, méideanna díolacháin agus scaireanna sa mhargadh go háirithe, chomh maith le praghsanna díolacháin a raibh tionchar diúltach acu ar fhostaíocht agus ar tháirgiúlacht chomh maith le brabúsacht. Mar gheall ar an méadú atá tagtha ar bhrú praghsanna na n-allmhairí imchéimnithe ón Téalainn go háirithe, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díolacháin a ailíniú le forbairt a chuid costas táirgthe le héifeachtaí diúltacha ar a brabúsacht, rud a chonaic laghdú beagnach 60 % le linn na tréimhse atá á breithniú. Ar deireadh, bíonn tionchar diúltach ag na torthaí laghdaitheacha ar infheistíochtaí ar chumas thionscal an Aontais caipiteal agus infheistíochtaí a chruinniú.

(168) Ar an taobh eile, d'éirigh le tionscal an Aontais méid mór díolacháin agus sciar suntasach den mhargadh a choinneáil, in ainneoin na dtreochtaí atá ag dul i laghad. Mar an gcéanna, in ainneoin an treocht dhiúltaigh, d'fhan an bhrabúsacht dearfach i rith na tréimhse a measadh. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár fhulaing tionscal an Aontais díobháil ábhartha de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe, ach go raibh sé i staid leochaileach.

(169) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún tuilleadh scrúdaithe ar an dóchúlacht go dtarlóidh díobháil arís má théann na bearta in éag.

6. **AN DÓCHÚLACHT GO dTARLÓIDH AN DÍOBHÁIL ARÍS**

(170) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (168) nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, ach go raibh sé i staid leochaileach. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ar cibé acu an mbeadh dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ba chúis léi ar an gcéad dul síos dá ligfí do na bearta dul as feidhm.

(171) Chun a shuíomh cibé acu atá dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann ba chúis leis an díobháil i dtosach báire, nó nach bhfuil, mheas an Coimisiún na heilimintí seo a leanas: (i) méid táirgeachta agus acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne agus tarraingteacht mhargadh an Aontais; (ii) leibhéil phraghais dhóchúla allmhairí ó PRC agus a dtionchar ar staid thionscal an Aontais, i gcás ina rachadh na bearta a cheadaítear in éag; agus (iii) cleachtais imchéimnithe a bheith ann.

6.1. **Méid táirgeachta agus acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne — tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(172) Mar a leagtar amach in aithris (91), is mó go mór an cumas táirgthe sa PRC ná na méideanna táirgeachta agus an t-éileamh inmheánach ar mhargadh intíre na Síne. Chomh maith leis sin, i bhfianaise na gconclúidí maidir le tarraingteacht mhargadh an Aontais, mar a thuairiscítear in aithrisí (102) go (105), is ridhócha go n-úsáidfear acmhainneacht spártha den sórt sin le haghaidh onnmhairí chuig margadh an Aontais, dá gceadófaí do bhearta dul in éag.

6.2. **Ba cheart go rachadh na bearta in éag ar leibhéil praghsanna dhóchúla allmhairí ó PRC agus ar a dtionchar ar staid thionscal an Aontais**

(173) Chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-allmhairí amach anseo ar staid thionscal an Aontais, mheas an Coimisiún go mbeadh leibhéil praghsanna onnmhairí na Síne gan dleachtanna frithdhumpála ina tháscaire réasúnta ar na leibhéil praghsanna a bheidh ann amach anseo do mhargadh an Aontais. Ar an mbonn sin, mar a leagtar amach in aithrisí (127) agus (128) faoi seach, fuarthas gurb é 4,2 % an meánchorrlach foghearrtha don táirge atá faoi athbhreithniú i gcás na gcóras allmhairiúcháin go léir, agus meastar gurb é 7,2 %, faoin gcóras próiseála isteach, faoi réir aon dleachtanna, an táscaire is fearr ar na leibhéil praghsanna is dócha a bheadh ann in éagmais beart frithdhumpála.

(174) Ina theannta sin, mar a míníodh in aithris (120), rinneadh beagnach gach allmhairiú ó PRC isteach san Aontas faoin gcóras próiseála isteach. Dá bhrí sin, is féidir a bhaint de thátal as go raibh na bearta frithdhumpála éifeachtach chun cosc a chur ar allmhairí dumpáilte ó PRC dul isteach i margadh an Aontais agus gur dócha go n-atosóidh siad arís má rachaidh na bearta in éag.

(175) Is táirge tráchtearraí é an táirge atá faoi athbhreithniú, agus dá bhrí sin tá an margadh íogair ó thaobh praghais de. Chuirfeadh méadú ar allmhairí ar phraghsanna ísle iallach ar thionscal an Aontais a gcuid praghsanna a laghdú a thuilleadh mar a rinneadh cheana chun dul in iomaíocht leis na hallmhairí imchéimnithe ón Téalainn, mar a mhínítear thuas in aithris (133) agus aithris (135).

(176) I bhfianaise an mhéid thuas, agus i gcás ina mbeadh orthu dul i ngleic le méadú ar allmhairí ar phraghas íseal ó PRC, dhéanfadh táirgeoirí an Aontais, agus iad ag iarraidh méideanna díolacháin agus scaireanna sa mhargadh a choinneáil, a bpraghsanna a laghdú 4,2 % (ar leibhéal na gearrghearrtha), bheadh tionchar aige sin ar bhrabúsacht fhoriomlán an tionscail, rud a laghdódh ó 3,4 % sa tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe go -1 % agus dá bhrí sin, bheadh tionchar diúltach aige sin sa ghearrthéarma.

(177) Ar an taobh eile, má choinníonn tionscal an Aontais a leibhéil reatha praghsanna, agus má chuirtear san áireamh gur táirge tráchtearraí é AHF, bheadh tionchar diúltach, beagnach láithreach, aige sin ar a mhéid díolacháin agus táirgthe chomh maith lena sciar den mhargadh. Thairis sin, dá dtiocfadh laghdú ar mhéid an táirgthe, thiocfadh méadú ar chostais aonaid an táirgthe i ngeall ar bharainneacht laghdaithe na scálaí. Thiocfadh meath breise ar bhrabúsacht thionscal an Aontais dá bharr sin agus d'iompódh sé ina chaillteanais sa ghearrthéarma.

(178) Le caillteanas brabúsachta, ní bheadh tionscal an Aontais in ann na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh. I ndeireadh na dála, d'fhágfadh sé sin go gcaillfí fostaíocht agus go ndúnfaí línte táirgeachta.

6.3. **Cleachtais imchéimnithe a bheith ann**

(179) Mar a leagtar amach in aithris (104), tá stair ag onnmhaireoirí na Síne de chleachtais dumpála i leith mhargadh an Aontais. Faoi láthair, mar a luaitear in aithris (2) agus aithris (3), tá dhá bheart frith-imchéimniúcháin i bhfeidhm, ceann amháin in aghaidh allmhairí de tháirge beagán modhnaithe ón tSín agus an dara ceann, níos déanaí, i gcás allmhairí ón Téalainn a bhí ina dtáirgeoirí onnmhairithe Síneacha a chuir oibríochtaí tionóla ar bun.

(180) Mar a léirítear in aithris (153) agus aithris (162), ba iad na cleachtais imchéimnithe ón Téalainn an phríomhchúis le caillteanais thionscal an Aontais i méid díolacháin agus a sciar marcáilte le linn na tréimhse atá á breithniú. Léiríonn na cleachtais imchéimnithe sin go bhfuil éifeacht dhiúltach shuntasach ar staid thionscal an Aontais ag allmhairí imchéimnithe a thagann isteach i margadh an Aontais gan dleachtanna frithdhumpála, a thagann chun cinn go tapa de bharr íogaireacht i bpraghsanna an mhargaidh.

6.4. **Conclúid**

(181) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh gurb é is dóichí a tharlódh go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar phraghsanna lena ndéanfaí sladghearradh ar phraghsanna an tionscail de chuid an Aontais dá ndéanfaí na bearta a aisghairm, rud a chuirfeadh a thuilleadh le staid leochaileach thionscal an Aontais. Is rídhócha go mbeadh díobháil ábhartha ann arís mar thoradh air sin agus mar thoradh air sin, bheadh baol tromchúiseach ann d'inmharthanacht thionscal an Aontais.

7. **LEAS AN AONTAIS**

(182) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú le fáil amach an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí ar bun na bearta frithdhumpála atá ann cheana. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí, na ndáileoirí agus na n-úsáideoirí.

(183) Tugadh deis do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl de bhun Airteagal 21(2) den bhun-Rialachán.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(184) Tá tionscal an Aontais comhdhéanta de thart ar ocht gcuideachta agus tá thart ar 1 000 oibrí fostaithe go díreach agus tá go leor eile ag brath air go hindíreach. Mar a luaitear in aithris (11), roghnaigh an Coimisiún sampla de tháirgeoirí an Aontais. Ba é a bhí sa sampla trí tháirgeoir de chuid an Aontais a thug freagra ar an gceistneoir. Measadh go raibh an sampla ionadaíoch do thionscal an Aontais.

(185) Mar a leagtar amach thuas, níor fhulaing tionscal an Aontais díobháil ábhartha le linn na tréimhse atá measta ach tá sé i staid leochaileach, mar atá deimhnithe ag treochtaí diúltacha na dtáscairí díobhála. Dá gcuirfí deireadh leis na dleachtanna frithdhumpála, is dócha go dtarlódh gortú ábhartha arís, rud a dhéanfaí a aistriú i gcailliúint díolacháin agus méid an táirgthe, chomh maith le sciar den mhargadh a mbeadh caillteanas brabúsachta agus fostaíochta mar thoradh air.

(186) Ar an taobh eile, léiríodh gur tionscal inmharthana é tionscal an Aontais. Tar éis an athbhreithnithe deiridh maidir le dul in éag, d'éirigh leis feabhas a chur ar a staid faoi dhálaí cothroma ar mhargadh an Aontais, ag déanamh infheistíochtaí agus brabúsacht chothrom. Dá leanfaí leis na bearta, chuirfí cosc ar allmhairí ar phraghas íseal ó PRC tuilte a dhéanamh ar mhargadh an Aontais agus, dá bhrí sin, bheadh tionscal an Aontais in ann leibhéil praghsanna inbhuanaithe a choinneáil agus a bhrabúsacht a mhéadú chun na leibhéil is gá d'infheistíochtaí sa todhchaí a bhaint amach.

(187) Ar an mbonn sin, bhain an Coimisiún de thátal as go bhfuil cothabháil na mbeart frithdhumpála chun leasa thionscal an Aontais.

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara, na dtrádálaithe agus na n-úsáideoirí**

(188) Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na hallmhaireoirí neamhghaolmhara, na trádálaithe agus na húsáideoirí aitheanta uile. Níor thug ach allmhaireoir amháin, Cellofix, barúlacha ach níor thug sé freagra ar an gceistneoir.

(189) Chuir Cellofix i gcoinne athnuachan na mbeart atá i bhfeidhm agus é á mhaíomh: (i) nach mbeadh mar thoradh air go dtarlódh díobháil arís don tionscal de chuid an Aontais agus, (ii) nach rachadh sé chun leasa an Aontais.

(190) Maidir leis an gcéad phointe, d'áitigh Cellofix go raibh na bearta reatha i bhfeidhm ar feadh tréimhse níos mó ná 11 bhliain inar éiligh sé go raibh téarnamh ar thionscal an Aontais ó aon díobháil a bhain dó. Bheadh fianaise air sin freisin le fás an tionscail.

(191) Easaontaíonn an Coimisiún leis an maíomh sin. Mar a leagtar amach i roinn 5.4 thuas, bunaíodh leis an imscrúdú treocht ghinearálta síos maidir le táscairí eacnamaíocha agus airgeadais thionscal an Aontais agus léiríodh ann go raibh tionscal an Aontais i staid leochaileach le linn thréimhse an athbhreithnithe imscrúdaithe. Mar a leagtar amach in aithris (146), níor aimsigh an Coimisiún ach oiread go raibh fás ar thionscal an Aontais. Meabhraítear gur mheas an Coimisiún, ar bhonn na bhforbairtí sin, gur dócha go dtarlódh díobháil ábhartha arís mar thoradh ar dhul in éag na mbeart. Diúltaíodh dá bhrí sin argóintí an allmhaireora ina leith sin.

(192) Maidir leis an dara pointe nach chun leasa an Aontais a bheidh athnuachan na mbeart, mhaígh an t-allmhaireoir, tar éis na bearta cinntitheacha frithdhumpála a ghlacadh in 2009, go raibh streachailt aige AHF a cheannach ó thionscal an Aontais mar gheall ar an easpa acmhainne táirgthe atá acu ach freisin de bharr an bhrú a chuir a iomaitheoirí móra ar tháirgeoirí an Aontais, chun an soláthar a theorannú do Cellofix.

(193) Maidir leis an easpa líomhnaithe sa chumas táirgthe, léiríodh san imscrúdú go raibh tuairim is 10 000 tona de chumas spártha ar fáil i dtionscal an Aontais, rud nach dtugann aon fhadhbanna do thionscal an Aontais le soláthar do mhargadh an Aontais. Maidir leis an mbrú líomhnaithe ar an tionscal de chuid an Aontais soláthar AHF a theorannú, níor chuir an chuideachta aon fhianaise ar fáil chun tacú leis an éileamh sin. Dá bhrí sin, rinneadh na héilimh seo a dhíbhe.

(194) I bhfianaise neamh-chomhoibriú aon allmhaireoirí, trádálaithe nó úsáideoirí eile, ní raibh aon fhaisnéis ar fáil maidir le tionchar na ndualgas ar na páirtithe sin. Léirigh an t-imscrúdú bunaidh, áfach, nach raibh aon tionchar ar pháirtithe leasmhara eile sa chaoi gur ghá bearta a mheas a bheith i gcoinne leas an Aontais agus ar an gcaoi chéanna, léirigh an t-imscrúdú athbhreithnithe éaga a rinneadh roimhe sin nach mbeadh tionchar diúltach suntasach ag cothabháil na mbeart ar an staid ina raibh na páirtithe sin.

(195) Ar bhonn an mhéid sin thuas, bhain an Coimisiún de thátal nach mbeadh aon éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar allmhaireoirí, ar thrádálaithe ná ar úsáideoirí dá gcoimeádfaí na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm.

7.3. **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(196) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sa deireadh nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, a choinneáil ar bun.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(197) Bunaithe ar na conclúidí ón gCoimisiún maidir le leanúint de dhumpáil ó PRC, atarlú na díobhála de bharr allmhairí dumpáilte ó PRC, agus leas an Aontais, measann an Coimisiún gur cheart na bearta frithdhumpála maidir le hallmhairí scragall alúmanaim áirithe de thionscnamh PRC a choinneáil.

(198) Chun na rioscaí teacht timpeall a íoslaghdú de bharr na difríochta ard i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán sin. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile".

(199) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hí an t-aon eilimint amháin í a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(200) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, *inter alia*, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

(201) Tá feidhm ag na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne é agus a tháirgtear ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach sa chuid oibriúcháin den Rialachán seo, lena n-áirítear eintitis atá gaolmhar leis na cinn a luadh go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile". Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí dleachta frithdhumpála aonair.

(202) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([60]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta a bhfuil feidhm leis maidir léi. Más amhlaidh nach ndéanann an t-athrú ar ainm na cuideachta difear do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(203) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bhunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe na bearta atá ann cheana a mholadh. Tugadh tréimhse dóibh freisin chun uiríll a dhéanamh tar éis an nochta sin. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(204) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([61]), nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart an t-ús atá le híoc a bheith ag an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(205) Tá na bearta dá bhforáiltear sa rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear leis seo dleacht fhrithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scragaill alúmanaim nach lú ná 0,008 mm agus nach mó ná 0,018 mm, gan aon taca leis, nach bhfuil a rolladh thar a bheith rollta, i rollaí nach mó ná 650 mm ar leithead agus a bhfuil meáchan níos mó ná 10 kg aige, atá faoi chuimsiú chód AC ex 7607 11 19 faoi láthair (cód TARIC 7607 11 19 10), agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. Rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus a mhonaraíonn na cuideachtaí a liostaítear thíos, is mar seo a leanas a bheidh sé:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Alcoa (Shanghai) Táirgí Alúmanam Co., Ltd agus Alcoa (Bohai) Aluminium Industries Co., Ltd.	6,4 %	A944
	Shandong Loften Aluminium Foil Co., Ltd	20,3 %	A945
	Zhenjiang Dingsheng Aluminium Co., Ltd	24,2 %	A946
	Gach cuideachta eile	30,0 %	A999

([60]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Ard-Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi/Wetstraat 170, 1040 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË.

([61]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: "Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) méid (méid) den (táirge lena mbaineann), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa tír seo: [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo". Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Déantar an dleacht frithdhumpála chinntitheach is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile" mar atá leagtha amach i mír 2 a leathnú go dtí allmhairí scragall alúmanaim áirithe isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7607 11 19 agus ex 7607 11 90 (cóid TARIC 7607 11 19 30, 7607 11 19 40, 7607 11 19 50, 7607 11 90 44, 7607 11 90 46, 7607 11 90 71, agus 7607 11 90 72), cé is moite díobh siúd a tháirgeann na cuideachtaí atá liostaithe thíos:

Ainm na cuideachta	Cód breise TARIC
Jiangsu Zhongji Lamination Materials Co., Ltd.	C198
Luoyang Wanji Aluminium Processing Co., Ltd.	C199
Xiamen Xiashun Aluminium Foil Co., Ltd.	C200
Yantai Donghai Aluminium Foil Co., Ltd.	C201

5. Déantar an dleacht chinntitheach frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, mar atá leagtha amach i mír 2, a leathnú chuig allmhairí de scragall alúmanaim áirithe atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7607 11 19 agus ex 7607 11 90 (cóid TARIC 7607 11 19 10, 7607 11 19 30, 7607 11 19 40, 7607 11 19 50, 7607 11 90 44, 7607 11 90 46, 7607 11 90 71, 7607 11 90 72) a choinsínítear ón Téalainn, bíodh nó ná bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Téalainne iad (cód breise TARIC C601).

6. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachta custaim.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN